# ‘Easter Hymn’ ó *Cavalleria Rusticana*


**le P. Mascagni**

## TASC ÉISTEACHTA

**Sliocht 1, a sheinnfear dhá uair.**

0:15–0:53

- Éist leis an sliocht agus tú ag leanúint an scóir thíos.
- Freagair na ceisteanna a leanann.




**(a)** Léiríonn an gléaschomhartha seo an gléas



☐ C mór

☐ F mór

☐ G mór

**(b)** Marcáil le **S** ar an scór thuas áit amháin ina bhfuil nótaí cuarcheangailte.

**(c)** Marcáil le **T** ar an scór thuas áit amháin ina bhfuil nótaí nasctha.

**(d)** Mínigh cad é a dhéanann an tsiombail os comhair an chéad nóta i mbarra 5.

| Freagra: |
|---|

**(e)** Mínigh an teicníc chumadóireachta is féidir a chloisteáil sna 4 barraí tosaigh.

| Freagra: |
|---|
| |
| |



CC BY NC

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

1:55–2:13

Is Sopráin, Ailt, Teanóir agus Doird atá sa chór a chloistear sa sliocht seo.

**(f)** Sainaithin an t-ord ina dtagann na guthanna isteach. Tá an chéad chineál gutha tugtha cheana.

| | |
|---|---|
| **Soprán** | |
| **Alt** | |
| **Teanór** | |
| **Dord** | 1 |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

2:52–críoch

**(g)** Déan cur síos ar dhá bhealach ina gcruthaíonn an cumadóir mothú buaicphointe sa sliocht.

| |
|---|
| Freagra 1: |
| |
| |

| |
|---|
| Freagra 2: |
| |
| |

## Gníomhaíochtaí Féideartha Forbartha

- Bain úsáid as foinsí clóite nó digiteacha chun eolas a fháil faoin gcumadóir (m.sh., tír/náisiúntacht, saothair thábhachtacha, stíl cheoil, agus/nó eile)
- Is sampla de cheoldráma é *Cavalleria Rusticana* (Cúirtéis Mhuintir na Tuaithe). Cad is ceoldráma ann? Déan taighde ar na comhábhair éagsúla (dinimic, séis, foirm, guthanna srl.) a bhíonn i gceoldráma
- Bain úsáid as foinsí clóite nó digiteacha chun samplaí de cheoldrámaí a aimsiú le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla. Aimsigh 2-3 thaifeadadh agus cruthaigh amlíne ag baint úsáid as sleachta ceoil de cheoldrámaí ó thréimhsí éagsúla ceoil
- Cum rithim 4-bharra ag baint úsáid as am comhshuite


URL don ghearrthóg físe iomlán: https://youtu.be/n6D5ZNwqYB0?si=-b4Uq6WZK6AcLOLe


cc BY NC

# ‘Intermezzo’ ó *Cavalleria Rusticana*

## TASC CUMADÓIREACHTA

Cuir isteach siombailí corda oiriúnacha sna boscaí folmha a thugtar anseo chun armóin a chur le hoscailt an Intermezzo (na hIdirmhíre) ó *Cavalleria Rusticana*.




| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C | D | E | F | G | A | $B^b$ |
| | A | $B^b$ | C | D | E | F | G |
| | F | G | A | $B^b$ | C | D | E |
| Siombal an chorda | F | Gm | Am | $B^b$ | C | Dm | E° |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |

## Gníomhaíocht Fhéideartha Fhorbartha

- Ag baint úsáid as do rogha cordaí, cum dordlíne shimplí mar thionlacan leis an tséis seo.




cc BY NC

CEOLCHASADH

# 'Intermezzo' ó Cavelleria Rusticana

Mír A






cc BY NC

# Mír B










CC BY NC


CEOLCHASADH

# Intermezzo ó Cavalleria Rusticana

## Mír A





CC BY NC

# Mír B








cc BY NC